## *SEICLIOSTA 3 NÓIMÉAD*

### *LE GO NGLACFAR LE D'IARRATAS MAR IARRATAS BAILÍ NÍ MÓR DUIT SEICEÁIL A DHÉANAMH:*

An bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe ina hiomláine agus sínithe agat?

An bhfuil an táille cheart curtha isteach léi?

Ar chuir tú cóip amháin d'fhógra an tsuímh faoi iamh léi? (An bhfuil an dath ceart uirthi?)

Ar chuir tú faoi iamh léi an leathanach ábhartha den nuachtán ina bhfuil fógra an iarratais a rinne tú (leathanach iomlán)?

An nuachtán é a chuirtear i gcúrsaíocht sa cheantar (féach an liosta atá ceangailte leis seo)?

Éilítear an t-iarratas a chur isteach laistigh de dhá sheachtain i ndiaidh don fhógra a bheith foilsithe sa nuachtán.

An ea go mbaintear úsáid as an bhfoclaíocht chéanna san fhoirm iarratais/i bhfógra an tsuímh/san fhógra nuachtáin chun cur síos a dhéanamh ar an bhforbairt?

Sa chás go mbeadh sé iomchuí ar chuir tú faoi iamh faisnéis maidir leis an gcóras cóireála atá beartaithe ar an láthair agus fianaise maidir lena oiriúnaí is atá an suíomh don chóras atá beartaithe?

Ar chuir tú faoi iamh litir toilithe ó úinéir na talún/an struchtúir (sa chás nach tusa úinéir dleathach an tsuímh)?

Ar chuir tú faoi iamh 6 chóip de léarscáil láthair an tsuímh (1:2500)?

- An bhfuil teorainneacha an tsuímh marcáilte go soiléir i ndath DEARG?
- An bhfuil aon tailte sa chóngar a bhfuil tú i d'úinéir orthu marcáilte i ndath GORM?
- Má tá cead slí ann an bhfuil sé marcáilte i ndath BUÍ?
- An bhfuil an áit ina bhfuil fógra an tsuímh suite curtha in iúl agat?

Ar chuir tú faoi iamh 6 chóip de léarscáil láthair an tsuímh (íos-scála 1:500)?

Ar an léarscáil de láthair an tsuímh an bhfuil na nithe a leanas léirithe: Pointe an Tuaiscirt, teorainn an tsuímh marcáilte i ndath dearg, na foirgnimh atá ann agus

iadsan atá beartaithe, bóithre, teorainneacha, umair mhúnlaigh agus limistéir shíothlaithe, tobair thollta, clampaí suntasacha crann, leibhéil agus comhrianta, fad slí idir aon struchtúr atá beartaithe agus teorainneacha an tsuímh, agus aon ghnéithe eile atá ag síneadh leis an bhforbairt atá beartaithe nó ina chóngar?

An bhfuil curtha faoi iamh agat 6 chóip de phleananna, de líníochtaí, d'ingearchlónna agus de ghearrthacha eile (íos-scála 1:1200)? (Ní theastaíonn má tá cead imlíne á iarraidh)

An bhfuil léirithe i do phleananna, i bpleananna urláir, in ingearchlónna agus i ngearrthacha príomhthoisí aon struchtúir atá beartaithe don suíomh ar a n-áirítear an airde iomlán?

An bhfuil léirithe i líníochtaí ingearchlónna aon struchtúir atá beartaithe príomhghnéithe aon fhoirgnimh a bheadh ina chóngar dá mba rud é go dtógfaí an struchtúr atá beartaithe (íos-scála 1:200)?

I gcás go mbaineann na pleananna le hoibriúcháin ina bhfuil atógáil nó athrú struchtúir nó síneadh le struchtúir i gceist an bhfuil siad marcáilte nó daite sa chaoi is gur léir an t-idirdhealú idir an struchtúr atá ann agus na hoibriúcháin atá beartaithe?

**Ní foláir cloí leis an gcóras méadrach i gcás na bpleananna agus na líníochtaí uile; NÍ ghlacfar le húsáid an chórais impiriúil.**

**Nóta: Forbairt Cónaithe Faoi Réir Cuid 5 d'Acht na bliana 2000.**

Sa chás go mbaineann an t-iarratas le cead chun forbairt tithíochta a mbeidh feidhm ag Alt 96 den Acht ina leith ar chuir tú faoi iamh cur síos sonraithe maidir le conas a chomhlíonfaidh tú sin?

NÓ

Sa chás go bhfuil an fhorbairt díolmhaithe, ar chuir tú faoi iamh deimhniú atá eisithe i gcomhréir le hAlt 97 den Acht nó sa chás go bhfuil iarratas curtha isteach maidir leis sin cóip den fhoirm iarratais i gcomhréir le hAlt 48?